Same Game don Macintosh
Leagan 1.0.6 (1994/6/1)

Is é seo an chéad leagan Gaeilge den chluiche Same Game. Is féidir leat an pacáiste seo a dháileadh saor in aisce ar dhaoine eile, ach na coinníollacha thíos a chomhlíonadh. Everson Gunn Teoranta a chuir Gaeilge ar an gcluiche seo, agus ar phacáistí go leor eile! Is féidir catalóg d'earra bog EGT a fháil, ach scríobh chuig an seoladh thíos, nó teachtaireacht leictreonach a chur chuig MGUNN@IRLEARN.UCD.IE nó EVERSON@IRLEARN.UCD.IE.

Everson Gunn Teoranta
15 Port Chaeimhghein Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Cluiche aonair é Same Game.

/*----- Rialacha -----*/
Tig leat tíleanna a scríos, más den phatrún céanna iad, agus iad i dtadhall lena chéile go hingearach nó go cothrománach. Titfidh slám tíleanna anuas agus druidfidh slám eile isteach ó thaobh na láimhe deise chun na bearnaí a líonadh.

/*----- Score -----*/
Gnóthóidh tú (n-2)^2 in aghaidh gach n-tíleanna scriosta. Beidh deireadh leis an gcluiche nuair nach féidir leat a thuilleadh tíleanna a scrios. Bainfear fuíoll na dtíleanna as do scór, ar an gcaoi seo:
     (Scór Iomlán) = (Cúil) - (Amú)
Má éiríonn leat na tíleanna ar fad a scrios, tabharfar (tíleanna) x 5 phointe mar bhónas duit.

/*----- Roghanna -----*/
Seo iad na roghanna atá ar an roghchlár
 1. Dealaigh go beo
     Má roghnaítear é seo, glanfar na tíleanna ar ghliogáil na luiche aon uair amháin duit.
     Má dhíroghnaítear é seo, Caochfaidh na tíleanna an chéad uair a ghliogálfaidh tú an luch, agus glanfar iad nuair a ghliogálfaidh tú an tarna uair í.
 2. Dearbhaidh Dealú Deiridh
     Má roghnaítear é seo, cuirfear bosca airdill ar taispeáint
     * nuair a ghlanfaidh tú na tíleanna deiridh
     * má éiríonn tú as i lár cluiche.
 3. Fuaim
     Airde an challaire.
 4. Tíleanna
     Cineálach tíleanna. Trí ranna atá ar an roghchlár seo, agus déantar tá trí rogha faoi gach roinn acu sin, ó thaobh líon na ndathanna (1/4/8).
     Más scáileán aondathach atá roghnaithe agat, is mar scáil a léireofar na roghanna 4/8 ngiotán.
 5. Clár Imeartha
     Toisí an chláir. Trí chlár imeartha atá ar fáil: Mór (20 x 10), Beag (12 x 6) agus Bídeach (6 x 6).
 6. Cúlra
     Is féidir cúlra an  cháir imeartha a athrú, ach comhaid ina bhfuil acmhainní 'ppat' a chur i bhfillteán sainroghanna 'Same Prefs' agus 'BackGround' a thabhairt mar ainm air. Léireofar na cúlraí éagsúla ar an bhfo-roghchlár seo. Tig leat, mar shampla, alias a bhaineann le "Patrúin Deisce" do ríomhaire a chur isteach ann.
     (Nóta:  Ní oibreoidh 'ppat' comhdhlúite)
     (Nóta:  Ní oibreoidh acmhainní 'ppat' gan ainm)

/*----- Riachtanaisí Córais -----*/
Éilíonn Same Game leagan 7 den chóras agus QuickDraw Daite 32-ghiotán.

/*----- Cóipcheart -----*/
Earra bog saor in aisce é seo. Ní gá duit airgead ar bith a íoc as a úsáid, agus is féidir leat é a scaipeadh ar dhaoine eile, fad is nach ngearrann tú fiacha ar bith orthu agus nach ndéanfaidh tú athrú ar bith ar an gclár bunaidh ná fós ar na cáipéisí a ghabhann leis.

 Leagan bunaidh (ar UNIX) le hEiji Fukumoto
     tvb0324@hiuxm.kuec.kyoto-u.ac.jp
 Aistrithe go NEC PC-9801 ag Wataru Yoshioka
     szb2932@hiuxm.kuec.kyoto-u.ac.jp
 Aistrithe go hApple Macintosh ag Takahiro Sumiya
     sumi@cuby.mis.hiroshima-u.ac.jp
 Cóiriú Gaeilge le hEverson Gunn Teoranta, 1995
     everson@irlearn.ucd.ie
     mgunn@irlearn.ucd.ie

Cuirtear moltaí agus tuairiscí ar fhabhtaí chugam, ag an seoladh seo:
Takahiro Sumiya (sumi@cuby.mis.hiroshima-u.ac.jp)
1994-06-01